V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10707 – MACQUARIE / BCI / REDEN HOLDING AND REDEN HOLDING 2020)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 160/12)

1. An 4 Aibreán 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Macquarie Group Limited (Macquarie, an Ríocht Aontaithe),

— British Columbia Investment Management Corporation (BCI, Ceanada),

— Reden Holding and Reden Holding 2020 (An Spriocghnóthas, an Fhrainc).

Gheobhaidh Macquarie agus BCI rialú comhpháirteach ar an Spriocghnóthas ina iomláine de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is éard atá i Macquarie banc infheistíochta domhanda agus soláthraí seirbhísí airgeadais lena gcumhdaítear acmhainní agus tráchtearraí, fuinneamh glas, fuinneamh traidisiúnta, institiúidí airgeadais, bonneagar agus maoin réadach,

— Is gníomhaire de chuid Rialtas British Columbia i gCeanada é BCI, a dhéanann infheistiú thar ceann chliaint san earnáil phoiblí agus a chuidíonn chun sochair scoir thart ar 690 000 comhaltaí den phlean a mhaoiniú, agus chun cistí infheistíochta agus sochar a chumhdaíonn 2,5 milliún oibrithe in British Columbia a mhaoiniú,

— Forbraíonn, maoiníonn, tógann agus oibríonn an Spriocghnóthas gléasraí fótavoltacha gréine san Eoraip, go háirithe sa Fhrainc, sa Ghréig, san Iodáil, sa Phortaingéil agus sa Spáinn, agus i Meiriceá Laidineach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe maidir le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10707 – MACQUARIE / BCI / REDEN HOLDING AND REDEN HOLDING 2020

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË